

MAIDIR LE hIARRATAS LEIS
AN mBORD PLEANÁLA

I gCOMHAIR FHAOMHADH (I) CHUARBHÓTHAR
N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE BHUN ALT 51
D'ACHT NA mBÓITHRE 1993 (MAR A LEASAÍODH);
(II) SCÉIM MHÓTARBHEALAIIGH CHUARBHÓTHAR
N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus (III) 2018
SCÉIM BHÓTHAR COSANTA CHUARBHÓTHAR N6
CHATHAIR NA GAILLIMHE

ABP Tag. ABP-302848-18 and ABP-302885-
18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

RÁITEAS FIANAISE

Aguisín le Freagairtí do

Agóidí/Aighneachtaí

Innealtóireachta, Gá leis an Tionscadal,
Roghanna eile a Measadh agus Acmhainní
Ábharacha Neamh-Thalmhaíochta

le

Eileen McCarthy, BEng, CEng, MICE, PE (USA), Arup
Le cúnamh

Mike Evans, BEng, CEng, Arup

Mary Hurley, BEng, CEng, Arup agus

Hazel King, BE, CEng, Arup

21 Feabhra 2020

- 1.01 Fágadh na tagairtí agóide/aighneachta seo a leanas ar lár ón BoE Innealtóireachta ach tugadh faoi na freagairtí do na hagóidí/aighneachtaí cheana san fhianaise a chuir mé i láthair maidir leis an (i) Gá atá leis an bhForbairt Mholta Bóthair, (ii) Roghanna eile a Measadh, (iii) Tionchair ar Ghnólachtaí agus agus ar Áitribh Thráchtála, (iv) Comhairliúchán easnamhach, (v) Áiseanna Coisithe agus Rothaíochta, (vi) Cóireáil Teorann ar Thailte Coimeádta, (vii) Sealbhú Buan Talún Iomarcach, (viii) Rochtain le linn tógála, (ix) Truailliú Solais, (x) Sealbhú Éigeantach Tailte, (xi) Ceart Slí, (xii) Leanúnachas easnamhach seirbhísí, (xiii), Caillteanas suíomh féideartha/forbartha amach anseo, (xiv) Míchaithiúlacht agus údair imní shábháilteachta i leith oibreacha bainteacha tógála.
- Ob_116.2, Ob_521_O_517.14_04, Ob_666.01, Ob_O_696.21, Ob_668,
Ob_695, Ob_729, S_073.2, S_075; S_076, S_068, S_074,
- 1.02 Tagairt agóide/aighneachta Ob_666.01 a chur le Paragraf 4.11.1 d'Achoimre Fianaise Eileen McCarthy
- 1.03 Ob_666.01 & Ob_668: Na tagairtí sainiúla seo a leanas a chur isteach maidir le *Cóireáil Teorann ar Thailte Coimeádta* le Paragraf 4.11.8 d'Achoimre Fianaise Eileen McCarthy:
- **Ceapach 666:** Coimeádfar teorainn reatha an áitribh a oiread agus atá praiticiúil. San áit a moltar an balla teorann a bhaint, soláthrófar balla nua cloiche de réir GCRR-SK-C-001. Ní rachfar i bhfeidhm ar an bhfásra aibí.
 - **Ceapach 668:** Táthar ag moladh balla cloiche 1.2m a thógáil feadh theorainn Bhóthar Thuama N83.
- 1.04 Tagairt agóide/aighneachta Ob_695 a chur le Paragraf 4.12.1 d'Achoimre Fianaise Eileen McCarthy
- 1.05 **Ob_695:** An fhreagairt shainiúil seo a leanas maidir le *Sealbhú buan talún iomarcach* a chur isteach i ndiaidh Pharagraf 4.12.59 d'Achoimre Fianaise Eileen McCarthy:
- Ob_695:** Moladh na tailte chun Nascbhóthár Páirc Mhór a thógáil. Mar gheall ar an athrú ar Nascbhóthár Páirc Mhór, níl an cheist seo le hardú óir tána ceapacha seo bainte den Scéim Mhótarbhealaigh.
- 1.06 Tagairt agóide/aighneachta Ob_666.01, Ob_729, S_076 a chur le Paragraf 4.14.1 d'Achoimre Fianaise Eileen McCarthy
- 1.07 Na freagairtí sainiúla seo a leanas maidir le *Rochtain i ndiaidh na tógála* a chur le Paragraf 4. 14.10 d'Achoimre Fianaise Eileen McCarthy:
- **Ceapach 666.01:** Línte radhairc leordhóthanacha a chur ar fáil le gur féidir dul isteach agus imeacht amach as an áitreabh go dtí Bóthar Thuama N83. Tá leagan amach Acomhal Pháirc Ghnó na Cathrach Thuaidh léirithe ar Fhíor 1.10.9 d'Aguisín A.1.13 den RFI. Tugtar aghaidh ar údair imní sa Ráiteas Fianaise Tráchta.
 - **Ob_729:** Cuirfear rochtain ar fáil ó bhóthar rochtana 15/05. Cuirfear geata nua ar fáil ar an mbóthar rochtana seo.

- **S_076:** Cuirfear rochtain ar an áitreabh seo ar fáil ó bhóthar rochtana AR 13/04. Ní chuirfear rochtain ar fáil ó Nasc Pháirc Ghnó na Cathrach Thuaidh óir is gá acmhainn an bhun-naisc seo a chosaint.
- 1.08 Tagairt agóide/aighneachta S_074 a chur le Paragraf 4.22.1 d'Achoimre Fianaise Eileen McCarthy.
- 1.09 Na freagairtí sainiuála seo a leanas maidir le *húdair inní faoi mhíchaoithiúlacht agus sábháilteachta faoi oibreacha tógála bainteacha* a chur le Paragraf 4. 22.17 d'Achoimre Fianaise Eileen McCarthy:
- S-074:** Tá slite tarraingthe léirithe ar Phíor 7.002 den TMTT. Tá slite tarraingthe molta taobh le bóithre poiblí atá ann cheana agus ní rachfar i bhfeidhm ar bhealaí glasa ná ar chearta slí idirphobail. Ní úsáidfear eastáit tithíochta amhail Tirellan Heights agus Ballinfoyle Park chun dul isteach nó teacht amach as an suíomh. Ós rud é go bhfuil athchumraíocht Acomhal Thimpeallán Kirwan ar siúl faoi láthair (amhail Feabhra 2020), ní rachaidh an dá thionscadal i bhfeidhm ar a chéile, agus níltear ag dúil le tuilleadh moilleana/míchaoithiúlacht tráchta. Ní bheidh aon tionchar ar chearta slí úinéiri talún ar Bhóithrín Chaisleán Mhionlaigh.